

---

Articles

School of Culinary Arts and Food Technology

---

1991

## Maireann Rose Fós (nó Seal i Meac na gKennedy)

Máirtín Mac Con Iomaire

*Technological University Dublin*, [mairtin.macconiomaire@tudublin.ie](mailto:mairtin.macconiomaire@tudublin.ie)

Follow this and additional works at: <https://arrow.tudublin.ie/tfschafart>

 Part of the [Arts and Humanities Commons](#)

---

### Recommended Citation

Mac Con Iomaire, M. (1991). Maireann Rós Fós (nó Seal i Measc na gKennedy). *Comhar. Imleabhar* 50, Uimhir 5, lth. 37, DOI: 10.21427/d7h46h

This Article is brought to you for free and open access by the School of Culinary Arts and Food Technology at ARROW@TU Dublin. It has been accepted for inclusion in Articles by an authorized administrator of ARROW@TU Dublin. For more information, please contact [arrow.admin@tudublin.ie](mailto:arrow.admin@tudublin.ie), [aisling.coyne@tudublin.ie](mailto:aisling.coyne@tudublin.ie), [vera.kilshaw@tudublin.ie](mailto:vera.kilshaw@tudublin.ie).

# MAIREANN ROSE FÓS

## (nó Seal i Measc na gKennedys)

Cuntas ar eachtra spéisiúil a tharla do  
‘Rítheaghach Mheiriceá’ le

Máirtín Mac Con Iomaire  
Coláiste Chathail Bhrugha  
Baile Átha Cliath.

Seo scéal faoi Rose Kennedy, máthair, sean-mháthair agus sin-seanmháthair an tí. Agus mé á scriobh seo tá an céad sroichte aici ach ní raibh sí ach nócha hocht nuair a tharla an eachtra seo. Ar ndóigh tá an teach mór inar tharla an eachtra seo go mór i mbéal an phobail faoi láthair ar chúiseanna eile agus ní róshásta a bheadh Rose leis sin gan amhras ...

**A**r aon chuma, bhí Rose i gcathaoir rotha agus banaltra lena taobh i rith an lae agus ag coinneáil súile uirthi i rith na hoíche. Bean láidir a bhí inti ina hóige agus bhí sí an-mháistriúil go dtí le gairid, ach cé go raibh sí lag go leor anois bhí a héirim cinn agus a hacmhainn grinn fós aici. Bean an-spioradálta a bhí inti freisin agus d’fhreastail sí ar Aifreann ina teach féin gach uile lá. Caithfidh go raibh sí mór go maith le Dia ach thiteadh sí ina codladh go minic i rith an Aifrinn. Ghlacadh sí Comaoineach gach uile lá freisin agus bhí taithí mhaith ag an sagart ar a cuid suanaíochta. Ag teacht in aice le ham Comaoineach labhraíodh an sagart i nglór ard agus dhúisíodh sé í de ghnáth. Bhristí píosa beag bídeach Comaoineach agus bhíodh gloine uisce ag an mbanaltra lena taobh chun é a éascú síos a scornach. Ba í sin buaicphointe an Aifrinn de ghnáth, agus an Domhnach áirithe seo go cinnte!

**B**hí sé ar nós aon Domhnach eile. Bhí an chlann ar fad bailithe don Aifreann leis na cairde a thagadh gach uile dheireadh seachtaire. Ní raibh an tAifreann i bhfad tosaithe nuair a thosaigh Rose ag srannadh mar a bheadh Dia á rá léi. Bhí saghas leathmheangadh gáire orainne i rith an Aifrinn ag fanacht leis an sagart geit a bhaint as an tseanbhean, mar a dhéanadh sé de ghnáth. B’ait an radharc é, muide na hoibrithe Éireannacha sa doras agus sa halla leis na searbhónaí eile, an chlann agus

a gcairde sa seomra ag déanamh iarrachta a bheith naofa agus dáiríre, an sagart ag déanamh iarrachta an tAifreann a cheiliúradh ach aird gach uile dhuine dírithe ar an tseanbhean a bhí ag srannadh.

**B**hí go maith is ní raibh go holc gur tháinig an Chomaoineach agus d’aireofá an sagart ag éirí neirbhíseach. D’ardaigh a ghlór mar ba ghnách ‘THROUGH THE FRUIT OF THE VINE AND WORK OF HUMAN HANDS’ ach ní raibh aon stop leis an srannadh. Bhí Rose ar ais i dTír na nÓg agus ní fios céard faoi a raibh sí ag brionglóidí. Bhí a chuid ráite ag an sagart agus bhí an Chomaoineach bheannaithe réidh le dáileadh. ‘WE’RE SERVING COMMUNION NOW, MRS. KENNEDY’ arsa an sagart go hard agus é ag suíl go ndúiseodh sí, ‘I’M GOING TO GIVE YOU COMMUNION, MRS. KENNEDY’ ar seisean agus é ag briseadh píosa beag den Chomaoineach mar a dhéanadh sé de ghnáth. Bhí sé lena taobh faoin am seo agus an bhanaltra ag breathnú air saghas amhrasach. Bhí a béal oscailte mar ba ghnách agus níl a fhios agam an sceitimíni ba chúis leis ach chuir an sagart an píosa beag Comaoineach isteach ina béal ach níor dhúisigh sí fós. Ní raibh sé de mhisneach ag an mbanaltra uisce a thabhairt di mar ba ghnách ach rug an sagart ar an ngloine, agus lig sé braon uisce síos a scórnoch.

**P**é ar bith rud ar a raibh Rose bhocht ag brionglóidí ruaipeadh as a ceann go tapaidh é mar thosaigh sí ag tachtadh mar a bheadh an tonn bháite gagtha uirthi. Bhí an bhanaltra ag cabhrú léi agus saghas iontais uirthi go raibh an sagart tar éis an rud a rinne sé a dhéanamh. Bhí an chlann ar a gcosa agus iad réidh leis an sagart a chláradh, na mic agus a gclann mhac ag éirí teasaí agus Rose bhocht ag casachtach mar a bheadh Dia á rá léi ag iarraidh an Chomaoineach agus an t-uisce a għlanadh as a scornach. Tugadh amach í agus bhí a cuid casacthaí le cloisteáil an chuid eile den Aifreann, ach tháinig sí as agus tá an céad sroichte aici agus an scéal seo á scriobh agam.

**A**ch smaoinigh ar na cinnlín EILE a bheadh sna tabloids..... ‘KENNEDY’S MOTHER KILLED BY CHRIST!’